# Topaic 8: Cúrsaí Oibre

## Feidhmeanna

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang faoi/conas:*

| | |
|---|---|
| 8.1 | ~ ceist a chur ar dhuine cén obair a dhéanann sé/sí agus an cheist sin a fhreagairt |
| 8.2 | ~ fiafraí de dhuine cén áit a bhfuil sé/sí ag obair agus an cheist sin a fhreagairt |
| 8.3 | ~ labhairt faoi do stádas oibre |
| 8.4 | ~ fiafraí de dhuine an dtaitníonn a p(h)ost leis/léi agus an cheist sin a fhreagairt |
| 8.5 | ~ cur síos a dhéanamh ar choinníollacha oibre |
| 8.6 | ~ ceist a chur faoi choinníollacha oibre agus an cheist sin a fhreagairt |
| 8.7 | ~ fiafraí de dhuine an bhfuil post áirithe aige/aici agus an cheist sin a fhreagairt |

## An ghramadach

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

- An Chopail: ***An siúinéir tú?***
- Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach: ***Cén áit a bhfuil tú ag obair?***
- An forainm réamhfhoclach ***i: ionam***
- An réamhfhocal ***i(n)***: ***i dteach tábhairne, in óstán***

## Stór focal:

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

Poist: ***dochtúir, altra/banaltra, rúnaí, tiománaí, múinteoir, freastalaí, tógálaí, meicneoir*** agus araile
Áiteanna oibre: ***ospidéal/otharlann, oifig, scoil, siopa, monarcha, óstán, teach tábhairne***
Coinníollacha oibre: ***tuarastal, pá, páirtaimseartha, lánaimseartha, sealadach, buan***

## Beidh an foghlaimeoir in ann…

| | |
|---|---|
| Labhairt | Cur síos an-simplí a thabhairt ar a p(h)ost agus ar na coinníollacha oibre. |
| Cluastuiscint | Ceisteanna simplí ag baint lena p(h)ost a thuiscint agus nathanna a thuiscint i gcomhrá faoi chúrsaí oibre. |
| Léamhthuiscint | Ainmneacha na bpost is coitianta a aithint agus na príomhphointí mar gheall ar obair a thuiscint i gcuntas scríofa. |
| Scríbhneoireacht: | Cur síos simplí a scríobh faoina p(h)ost. |


© OÉ Má Nuad

## 8.1 Ag cur ceiste ar dhuine cén obair a dhéanann sé/sí agus ag freagairt na ceiste sin

**(A)** Múin an cheist agus an freagra seo a leanas:

*Cén post atá agat?*
*Is tiománaí mé. Cén post atá agatsa (agat féin)?*

- Mínigh gur féidir *Tiománaí atá ionam* a rá mar fhreagra ar an cheist thuas chomh maith.
- Cuir ceist ar dhuine sa rang cén post atá aige/aici agus nuair a thugann sé/sí an freagra duit iarr air/uirthi an cheist seo a chur ortsa *Cén post atá agatsa (agat féin)?*
- Freagair é/í: *Is múinteoir mé.*
- Mínigh do na foghlaimeoirí nach gá dóibh an fhírinne a insint faoin bpost atá acu, is féidir leo post nua a chruthú dóibh féin!
- Déan cleachtadh ar an cheist agus an freagra leis an rang go dtí go bhfuil siad muiníneach as iad a rá.

**Gníomhaíocht 8.1(A): Poist: Cluastuiscint/Caint**

***Réamhullmhúchán:***


- Déan cóip de **Bhileog 8.1(A): Poist** don osteilgeoir agus déan cóip do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do na foghlaimeoirí agus tabhair am dóibh chun breathnú ar na pictiúir agus chun an foclóir ar an mbileog a léamh.
- Nuair atá an rang réidh iarr orthu féachaint ar na pictiúir.
- Dírigh a n-aird ar an chéad phictiúr (a) agus abair *'Is mise Maria. Is tiománaí mé'*.
- Déan amhlaidh le gach pictiúr agus abair ainm an phoist i ngach cás.
- Téigh tríd gach pictiúr arís agus an uair seo iarr ar an rang aithris a dhéanamh ort agus tú ag rá ainmneacha na bpost.
- Iarr ar an rang féachaint ar an liosta foclóra ar an mbileog.
- Ansin léigh an foclóir amach arís, na foghlaimeoirí ag déanamh aithrise ort.
- Ceistigh daoine aonair sa rang faoi na pictiúir ag rá:

*Tusa David. Cén post atá agat?*

- Freagraíonn an foghlaimeoir: *Is altra mé./Altra atá ionam.*

**Gníomhaíocht 8.1(B): Poist arís!: Caint**


***Réamhullmhúchán:***

© OF Má Nuad


- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna, A agus B, agus bíodh cóip de **Bhileog 8.1(A): Poist** acu nó le feiceáil go soiléir ar an osteilgeoir.

***Gníomhaíocht:***
- Iarr ar gach beirt ceist a chur ar a chéile faoi na poist atá ar an mbileog.
- Cuireadh A an chéad cheist agus B an dara ceist agus ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil siad tar éis cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoclóir ar fad a bhaineann leis an mbileog.
- Mar shampla:

  A: *Tusa David. Cén post atá agat?*
  B*: Is altra mé. Tusa Peter. Cén post atá agatsa?* agus araile.

**Gníomhaíocht 8.1(C): Fíor nó bréagach?: Cluastuiscint**
***Réamhullmhúchán:***
- Déan cóip de **Bhileog 8.1(C): Fíor nó bréagach?** don osteilgeoir nó déan cóip do gach duine sa rang.


***Gníomhaíocht:***
- Abair leis na foghlaimeoirí éisteacht leis na daoine ar an DD ag cur síos ar na poist atá acu féin agus ag a ngaolta.
- Deir gach cainteoir dhá ráiteas.
- Caithfidh na foghlaimeoirí tic a chur le ceann de na boscaí *Fíor* nó *Bréagach* i gcás gach ráitis.

**Gníomhaíocht 8.1(D): Poist na bhfoghlaimeoirí: Caint**
***Gníomhaíocht:***
- Múin an cheist *Cén obair a dhéanann tú?* don rang mar mhalairt ar *Cén post atá agat?* agus déan cleachtadh uirthi.
- Cuir ceist ar Fhoghlaimeoir A: *Cén obair a dhéanann tú?*
- Freagraíodh Foghlaimeoir A tú: *Is rúnaí mé. Cén obair a dhéanann tusa (tú féin)?*
- Freagair é/í: *Is múinteoir mé.*
- Ansin cuireann Foghlaimeoir A ceist ar Fhoghlaimeoir B agus mar sin timpeall an ranga.
- Múin don rang ainm poist ar bith atá ag daoine sa rang nach raibh san áireamh sa liosta a múineadh dóibh cheana.

## 8.2 Ag fiafraí de dhuine cén áit a bhfuil sé/sí ag obair agus ag freagairt na ceiste sin

© ÓÉ Má Nuad

**(A)** Bain úsáid as an ngníomhaíocht thíos chun ainmneacha áiteanna oibre a mhúineadh do na foghlaimeoirí.




**Gníomhaíocht 8.2(A): Ionaid Oibre: Caint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 8.2(A): Ionaid Oibre** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Téigh tríd na pictiúir leis an rang ag ainmniú an láthair oibre i ngach ceann agus ag iarraidh ar an rang an focal a rá i do dhiaidh.  Mar shampla: *Sin teach.*
- Ansin, téigh tríd na pictiúir leis an rang arís, an uair seo ag cur na ceiste: *Cad (céard) é seo?*  Rang: *Sin ospidéal*, agus araile.
- Is iad seo na háiteanna atá léirithe ar an bhileog: *teach, oifig, stáisiún na nGardaí, garáiste, ospidéal, scoil, feirm, óstán, monarcha, siopa, láthair tógála, teach tábhairne, bád.*



**Gníomhaíocht 8.2(B): Ionaid oibre arís!: Obair bheirte**

***Réamhullmhúchán:***

- Roinn an rang i ngrúpaí beirte, A agus B.
- Bíodh cóip de **Bhileog 8.2(A): Ionaid oibre** ag gach beirt.

***Gníomhaíocht:***

- Iarr ar gach beirt ceist a chur ar a chéile faoi na hionaid oibre atá ar an mbileog.
- Cuireadh A an chéad cheist agus B an dara ceist agus ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil siad tar éis cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoclóir ar fad a bhaineann leis an mbileog.
- Mar shampla:

> **A:** *Cad (céard) é seo?*
> **B:** *Sin teach.  Cad é seo?*
> **A:** *Sin monarcha.  Cad é seo?*

**(B)** Múin an cheist agus an freagra:

> *Cén áit a bhfuil tú ag obair?*
> *Tá mé ag obair i siopa.*
> *Tá mé ag obair i monarcha.*
> *Tá mé ag obair in oifig.*

- Déan cleachtadh ar an cheist agus na freagraí thuas leis an rang.

**(C)** Cuir i gcuimhne don rang ar fhoghlaim siad i d**Topaic 7: Buanna agus Scileanna** maidir le ***i/in/sa/san****:*

> *i Sasana, i gCeanada, in Éirinn, sa Fhrainc, san Iodáil*

© OÉ Má Nuad

- Abair leo go bhfuil siad chun na rialacha céanna a chur i bhfeidhm leis na hionaid oibre.
- Mínigh dóibh go n-úsáidtear *'ar'* le roinnt láithreacha oibre. Mar shampla: *ar bhád, ar fheirm.*

**Gníomhaíocht 8.2(C): Líon na bearnaí: Gramadach**

***Réamhullmhúchán:***
- Déan cóip de **Bhileog 8.2(C): Líon na bearnaí** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***
- Iarr ar an rang na bearnaí a líonadh ar **Bhileog 8.2(C): Líon na bearnaí** le ceann de na réamhfhocail: ***i/in/san*** nó ***ar***.
- Nuair atá an rang críochnaithe, ceartaigh an ghníomhaíocht agus déan cleachtadh ar na nathanna: *i monarcha, in oifig, ar fheirm* agus araile.

**Gníomhaíocht 8.2(D): Cá bhfuil siad ag obair?: Obair bheirte**

***Réamhullmhúchán:***
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí beirte.
- Bain úsáid as cóip de **Bhileog 8.1(A): Poist** ar an osteilgeoir nó bíodh cóip ag gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***
- Iarr ar gach beirt ceist a chur ar a chéile faoi ionad oibre na ndaoine ar an mbileog.
- Mar shampla:

  A: *Cá bhfuil David ag obair?*
  B: *Tá David ag obair in ospidéal. Cá bhfuil Peter ag obair?* agus araile.

**Gníomhaíocht 8.2(E): Cá bhfuil siad ag obair: Scríbhneoireacht**

***Réamhullmhúchán:***
- Dean cóip de **Bhileog 8.2(E): Cá bhfuil siad ag obair** don osteilgeoir nó bíodh cóip ag gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***
- Iarr ar an rang na poist sa liosta a mheaitseáil le hionad oibre oiriúnach.
- Ceartaigh agus pléigh na freagraí éagsúla.

## 8.3 Ag labhairt faoi do stádas oibre


- Múin don rang conas cur síos ar an stádas oibre atá acu:

  *Tá mé féinfhostaithe.*
  *Tá mé fostaithe i siopa/i monarcha.*

© OÉ Má Nuad

*Tá mé dífhostaithe.*

- Déan cleachtadh ar na nathanna leis an rang go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach leo.



**Gníomhaíocht 8.3: Amhrán: Cultúr: Cluastuiscint**

- Seinn an t-amhrán, ***Tá mé dífhostaithe*** leis Na Fíréin don rang. (Traic 1 ar ***Na Fíréin***, Gael-Linn CEFCD162.)
- Abair leis an rang nach dtuigfidh siad gach focal san amhrán ach éisteacht leis ar mhaithe le sult a bhaint as.
- Ar aithin siad roinnt nathanna/abairtí san amhrán? Cad iad na cinn?
- Ar thaitin an t-amhrán leo? Múin an cheist agus na freagraí:

*Ar thaitin an t-amhrán leat? Thaitin/Níor thaitin.*

## 8.4 Ag fiafraí de dhuine an dtaitníonn a phost leis/léi agus an cheist sin a fhreagairt

- Cuir i gcuimhne don rang conas tuairim a chur in iúl. (Féach **Topaic 5: Caitheamh aimsire**.)
- Cuir i gcuimhne dóibh na freagraí a d'fhoghlaim siad don cheist:


*An maith leat ceol traidisiúnta?*

*Is maith/Ní maith.*
*Is breá liom é.*
*Is fuath liom é.*
*Níl suim dá laghad agam ann.*

- Mínigh dóibh go bhfuil siad chun na nathanna céanna a úsáid anois chun labhairt faoin obair a dhéanann siad.
- Múin an cheist: *An maith leat do phost?*
- Lorg freagra ó chúpla duine sa rang.
- Cuir cúpla nath eile leis an liosta freagraí:

*Tá sé ceart go leor.*
*Is maith liom é go mór.*
*Ní maith liom é in aon chor.*

- Déan cleachtadh ar an gceist agus na freagraí trí cheisteanna a chur ar dhaoine éagsúla sa rang.



**Gníomhaíocht 8.4: An maith leat do phost?: Caint**

© OÉ Má Nuad

***Gníomhaíocht:***

- Cuir ceist ar dhuine sa rang: *An maith leat do phost?*
- Ba cheart dóibh freagra a thabhairt ort agus an cheist chéanna a chur ar an duine in aice leo.
- Mar sin ar aghaidh timpeall an ranga.

## 8.5 Ag cur síos ar choinníollacha oibre

- Cuir i gcuimhne don rang na briathra a d'fhoghlaim siad i d**Topaic 6: An Saol Laethúil:**

  *Oibrím*
  *Tosaím*
  *Críochnaím*

- Mínigh dóibh na nathanna: *páirtaimseartha* agus *lánaimseartha:*

  *Oibrím óna naoi a chlog gach maidin go dtí a cúig gach tráthnóna, cúig lá sa tseachtain. Tá post lánaimseartha agam.*
  *Oibrím óna naoi a chlog gach maidin go dtí a haon a chlog meánlae, dhá lá sa tseachtain. Tá post páirtaimseartha agam.*

- Déan athrá ar an méid thuas ar feadh cúpla nóiméad.
- Déan cleachtadh ar na nathanna seo a leanas leis an rang:

  *Tá post lánaimseartha agam.*
  *Tá post páirtaimseartha agam.*

- Mínigh dóibh na nathanna: *buan* agus *sealadach:*

  *Tá post agam ar feadh sé seachtaine mar tá duine tinn san oifig. Is post sealadach é.*
  *Tá post agam le fiche bliain anuas – is post buan é.*

- Déan athrá ar an méid thuas ag tabhairt seans don rang tú a thuiscint.
- Déan cleachtadh ar na nathanna seo a leanas leis an rang:

  *Is post sealadach é.*
  *Is post buan é.*

## 8.6 Ag cur ceiste faoi choinníollacha oibre agus ag freagairt na ceiste sin

**(A)** Múin don rang conas ceisteanna mar seo a leanas a chur:

*An post lánaimseartha é?* *Is ea.*
*An post páirtaimseartha é?* *Ní hea. Is post lánaimseartha é.*

© OÉ Má Nuad

*An post buan é?* *Is ea.*
*Ní hea. Is post sealadach é.*

- **Nótáil:** Fuaimnítear *Is ea* mar *sea* nó mar *sé* ag brath ar an chanúint.

**(B)** Múin don rang conas ceist a chur faoi uaireanta oibre agus freagra a thabhairt ar an gceist:


*Cad iad na huaireanta a oibríonn tú?*
*Oibrím gach lá óna hocht go dtí a cúig.*
*Oibrím gach maidin/gach iarnóin.*
*Oibrím i rith an lae/ i rith na hoíche.*

- Déan cleachtadh ar na nathanna thuas go dtí go bhfuil an rang compordach, muiníneach á rá.

**(C)** Múin an cheist agus na freagraí:

*An bhfuil an pá/an tuarastal go maith?*
*Tá. Tá sé an-mhaith.*
*Tá sé measartha /réasúnta maith.*
*Níl. Tá an pá go dona.*

- Déan cleachtadh ar na nathanna thuas go dtí go bhfuil an rang compordach, muiníneach á rá.


**Gníomhaíocht 8.6(C): Coinníollacha oibre: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 8.6(C): Coinníollacha oibre** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog dóibh agus abair leo éisteacht le Síle, Máirtín agus Imogen ag cur síos ar na coinníollacha oibre atá acu.
- Caithfidh na foghlaimeoirí tic a chur leis an bhfreagra ceart nó na freagraí cearta i ngach cás.

**Gníomhaíocht 8.6(D): Mo ghairmré: Rólchártaí**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan dóthain cóipeanna de **Bhileog 8.6(D): Mo ghairmré** ionas go mbeidh gairmré do gach duine sa rang. (Tá ocht ngairmré i gceist.)
- Gearr amach na gairmréanna.
- Dáil amach na gairmréanna ionas go mbeidh an ghairmré chéanna ag beirt ar a laghad sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Cuir an liosta ceisteanna (féach thíos) ar an osteilgeoir nó ar an gclár agus déan cleachtadh orthu leis na foghlaimeoirí.


© OÉ Má Nuad

- Ar gach gairmré tá mionsonraí an phoist atá ag gach foghlaimeoir sa chluiche.
- Is é cuspóir an chluiche ná duine a aimsiú a bhfuil an post céanna aige/aici.
- Abair leis an rang seasamh agus sealanna a thógáil ag cur na gceisteanna ar an duine in aice leo.
- Mar shampla:

  Foghlaimeoir 1: *Cá bhfuil tú ag obair?*
  Foghlaimeoir 2: *I monarcha. Cá bhfuil tú féin ag obair?*


- Níl cead acu an cheist *Cén post atá agat?* a chur go dtí deireadh gach comhrá!
- Leanann na foghlaimeoirí ar aghaidh ag cur ceiste ar gach duine sa rang go dtí go n-aimsíonn siad a bpáirtí oibre.

**Liosta ceisteanna le cur ar an gclár/osteilgeoir:**
*Cá bhfuil tú (féin) ag obair?*
*Cén t-am a thosaíonn tú (féin) ag obair?*
*Cén t-am a chríochnaíonn tú (féin)?*
*An gcaitheann tú (féin) éide?*
*An maith leat (leatsa/leat féin) do phost?*
*An bhfuil post buan nó post sealadach agat (agatsa/agat féin)?*
*An bhfuil an tuarastal/an pá go maith?*
*Cén post atá agat? (agatsa/agat féin?)*

**Gníomhaíocht 8.6(E): Mo phost féin: Obair bheirte**
***Réamhullmhúchán:***
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna, A agus B.
- Scríobh liosta ceisteanna ar an gclár nó déan iad a theilgean ar an osteilgeoir:

  *Cén post atá agat? (Cén post atá agat féin?)*
  *Cá bhfuil tú (féin) ag obair?*
  *Cén t-am a thosaíonn tú (féin) ag obair?*
  *Cén t-am a chríochnaíonn tú (féin)?*
  *An gcaitheann tú (féin) éide?*
  *An maith leat(sa) do phost?*
  *An bhfuil post buan nó post sealadach agat(sa)?*
  *An post lánaimseartha nó post páirtaimseartha é?*
  *An bhfuil an pá/an tuarastal go maith?*

***Gníomhaíocht:***
- Caithfidh gach beirt ceisteanna a chur ar a chéile faoi na poist atá acu.
- Meabhraigh don rang gur féidir leo post nua a chumadh dóibh féin do na gníomhaíochtaí seo.

**Gníomhaíocht 8.6(F): Foghraíocht: '*b*' agus '*p*' leathan agus caol.**
***Gníomhaíocht:***

© OÉ Má Nuad

- Abair leis an rang éisteacht leis an nguth ar an DD (nó leat féin) ag rá na bhfocal seo a leanas:

  *post, páirtaimseartha, pá, páirc, páiste, pósta,*

- Abair leo éisteacht arís agus na focail a rá i ndiaidh an ghutha ar an DD (nó i do dhiaidh).
- Abair leo éisteacht anois leis an liosta focal seo a leanas:

  *peann, pictiúrlann, pian*

- Abair leo éisteacht arís agus na focail a rá i ndiaidh an ghutha ar an DD (nó i do dhiaidh).
- Cad a thugann siad faoi deara faoin dá liosta?
- An gcloiseann siad an difear idir an '*p*' leathan agus an '*p*' caol?
- Déan cleachtadh mar an gcéanna leis an liosta focal ina bhfuil '*b*' leathan:

  *banc, buan, obair*

- Déan cleachtadh mar an gcéanna leis an liosta focal ina bhfuil '*b*' caol:

  *oibríonn, bliain, bí, Béarla, ar chor ar bith*

- An gcloiseann siad an difear idir an '*b*' leathan agus an '*b*' caol?
- Déan cleachtadh ar na focail uair amháin eile leis na foghlaimeoirí.


## 8.7 Ag fiafraí de dhuine an bhfuil post áirithe aige/aici agus ag freagairt na ceiste sin

**(A)** Múin don rang conas fiafraí de dhuine an bhfuil post áirithe aige/aici:

*An cócaire tú?   Is ea.*
*An meicneoir tú?  Ní hea.  Is cócaire mé/Cócaire atá ionam.*

- Déan cleachtadh ar an gceist agus ar na freagraí go dtí go bhfuil an rang compordach, muiníneach á rá.

© OÉ Má Nuad

**Gníomhaíocht 8.7(A): Buille faoi thuairim: Comhrá**


***Réamhullmhúchán:***
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí triúir nó ceathrair.

***Gníomhaíocht:***
- Caithfidh gach foghlaimeoir smaoineamh ar phost nach é a p(h)ost féin é.
- Tosaigh le Foghlaimeoir A sa ghrúpa.
- Caithfidh gach duine eile sa ghrúpa ceisteanna a chur air/uirthi chun fáil amach cén post atá aige/aici.

- Mar shampla:

  *Cá bhfuil tú ag obair?*
  *Cad iad na huaireanta a oibríonn tú?*
  *An gcaitheann tú éide?*

- Nuair a cheapann foghlaimeoir eile go bhfuil a fhios acu cén post atá ag Foghlaimeoir A, deir siad: *An (rúnaí) tú?*
- Má fhreagraíonn Foghlaimeoir A '*'Is ea'*, beidh an seans ansin ag Foghlaimeoir B post a roghnú agus ceisteanna a fhreagairt ón chuid eile den rang go dtí go n-aimsíonn duine eile sa ghrúpa an post ceart.
- Má fhreagraíonn Foghlaimeoir A '*Ní hea'*, leanann an grúpa ar aghaidh ag tabhairt buille faoi thuairim go dtí go n-aimsíonn siad post an fhoghlaimeora.
- Leanann an ghníomhaíocht ar aghaidh go dtí go mbíonn seans ag gach duine sa ghrúpa post a roghnú agus ceisteanna a fhreagairt faoi.


**Gníomhaíocht 8.7(B): Dul siar: Léamhthuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 8.7(B): Súil siar** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Iarr ar na foghlaimeoirí an post a mheaitseáil leis an gcur síos cuí trí líne a tharraingt eatarthu.
- Bailigh na freagraí agus ceartaigh.


**Gníomhaíocht 8.7(C): Gairmré: Scríbhneoireacht**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 8.7(C): Gairmré** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Iarr ar an rang an ghairmré a chomhlánú dóibh féin.
- Bailigh na freagraí agus ceartaigh.

**Gníomhaíocht 8.7(D): Súil siar: Cluastuiscint/Léamhthuiscint/Scríbhneoireacht**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 8.7(D): Súil siar** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Inis do na foghlaimeoirí go gcloisfidh siad Bernie ag caint faoina post. Cloisfidh siad an mhír uair amháin.

© OÉ Má Nuad

- Ansin, tabhair cóip den bhileog dóibh agus abair leo éisteacht le Bernie arís, an uair seo ag léamh na téipscripte a fhad is atá siad ag éisteacht.
- Seinn an DD arís dóibh.
- Caithfidh siad na bearnaí a líonadh sa script.
- Déan an ghníomhaíocht a cheartú.

© OÉ Má Nuad